2025/90689

29.8.2025

Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 198 an 25 Iúil 2019)

1. Leathanach 169, Iarscríbhinn VII, Cuid B, pointe 1.2:

in ionad: ‘1.2. Gan dochar don oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, agus d’ainneoin phointe 2.1, féadfaidh soithí mogallmhéideanna níos lú a úsáid mar a liostaítear sa tábla a leanas d’Uiscí an Iardheiscirt ar na coinníollacha seo a leanas: (…)’,

léitear: ‘1.2. Gan dochar don oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, agus d’ainneoin phointe 1.1, féadfaidh soithí mogallmhéideanna níos lú a úsáid mar a liostaítear sa tábla a leanas d’Uiscí an Iardheiscirt ar na coinníollacha seo a leanas: (…)’.

2. Leathanach 177, Iarscríbhinn VIII, Cuid C, pointe 4.3:

in ionad: ‘4.3. Beidh toirmeasc ar iascaireacht dhírithe trosc a dhéanamh leis an trealamh a shonraítear i bpointe 5.2.’,

léitear: ‘4.3. Beidh toirmeasc ar iascaireacht dhírithe trosc a dhéanamh leis an trealamh a shonraítear i bpointe 4.2.’.